# Ailgéabar: Patrúin, rialacha agus coibhneasa – Moltaí maidir le heispéiris foghlama páistí

## Bíonn deiseanna ag an bpáiste chun...

### Tuiscint a fhorbairt agus ceangail a dhéanamh

- patrúin, rialacha agus coibhneasa a fhiosrú trí éagsúlacht de spreagthaigh a úsáid agus tríd an súgradh, m.sh., *scéalta, amhráin, bheith ag breathnú ar fhoirgnimh agus struchtúir, cluichí boird, srl.*
- patrúin athfhillteacha sa bhaile, ar scoil agus i dtimpeallachtaí nádúrtha a fhiosrú m.sh., *páipéar balla, mósáicí tíleanna, dearadh gairdín, priontaí ainmhithe srl.*
- patrúin mhéadaitheacha nó laghdaitheacha a chur le chéile agus a shíneadh trí riail a oibriú amach agus a leanúint, ag úsáid samhlacha nithiúla, pictiúrtha agus siombalacha.
- táblaí a úsáid chun faisnéis a shoiléiriú, lena n-áireofaí sonraí uimhriúla, focail agus go fiú pictiúir, agus é seo a úsáid chun patrúin, rialacha agus coibhneasa a dhéanamh amach.



### Cumarsáid a dhéanamh

- téarmaíocht amhail 'an chéad cheann eile', 'ansin', 'an ceann deireanach' agus 'déan arís' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar chruthú nó síneadh patrúin.
- fiosrú a dhéanamh ar úsáid na bpatrún i scéalta, i rannta, in amhráin choitianta, srl. agus é seo a úsáid i ngníomhaíochtaí seicheamhaithe agus tuartha.
- cur síos a dhéanamh ar phatrúin a thagann chun cinn san uimhreas agus iad a léiriú agus a ghinearálú, m.sh., *suimiú agus dealú corruimhreacha/ré-uimhreacha, iolrú agus roinnt slánuimhreacha, iolraithe agus uimhreacha cearnacha.*
- a dtuiscint ar phatrúin, rialacha agus coibhneasa a chur in iúl ó bhéal agus i bhfoirm nithiúil agus pictiúrtha.
- an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun patrúin a bhreathnú, a shíneadh agus a chruthú, m.sh., *tríd an gcódú.*



### Réasúnaíocht a dhéanamh

- straitéisí a chomhroinnt chun téarmaí comhleantacha i seicheamh mar aon le luachanna todhchaí a thuar, m.sh., *chuir mé 2 eile leis gach uair, rinne mé comhaireamh i dtríonna.*
- a chur ina luí ar dhaoine eile mar is féidir luachanna todhchaí a dhéanamh amach trí struchtúr nó riail shainaitheanta an phatrúin a chur i bhfeidhm, m.sh., *beidh cóisir againn. Is féidir 6 daoine a chur ag bord agus tá 5 bhord againn. Ach tá fíorbheagán spáis ann, mar sin, beidh orainn na boird a chur le chéile ina líne. Cá mhéad duine atá in ann suí ag na boird anois? Anois, cá mhéad duine ar féidir linn cuireadh a chur orthu? Cad a tharlódh dá gcuirfimis X bord eile leo?*
- a réasúnaíocht a mhíniú trí cheisteanna a sholáthraíonn scafláil don díospóireacht a chur agus freagra a thabhairt orthu, m.sh., *conas a rinne tú do phatrún? Cén chaoi a raibh a fhios agat an riail? An féidir leat a chur ina luí ar an gcara s'agat go bhfuil riail/freagra s'agat ceart?*
- a aithint gur minic a bhíonn níos mó ná bealach amháin ann chun cur síos a dhéanamh ar phatrúin agus chun iad a léiriú agus deiseanna a thapú chun iad seo a chosaint.



### Cur i bhfeidhm agus fadhbanna a réiteach

- pictiúir d'imeachtaí coitianta nó de chéimeanna i ngnáthaimh laethúla srl. a chur san ord ceart.
- cásanna fíorshaoil d'fhadhbanna agus réitigh a bhaineann le patrúin mhéadaitheacha nó laghdaitheacha a chruthú do phiaraí m.sh., *suíocháin a shocrú do líon athraitheach daoine ag bainis.*
- patrúin mhéadaitheacha/ laghdaitheacha a úsáid mar chur chuige réitithe faidhbe, m.sh., *trí léaráidí, táblaí, graif a úsáid.*
- patrúin i gcásanna fíorshaoil a úsáid nó a fhiosrú chun pleananna a dhéanamh, m.sh., *a bheith ag breathnú ar threochtaí aimsire chun éadaí a phacáil le haghaidh saoire i mí faoi leith, a bheith ag feidhmiú mar bhainisteoir gnó agus breithniú a dhéanamh ar threochtaí sna díolacháin/seirbhísí thar thréimhse ama chun cúrsaí foirne a phleanáil.*



Arna fhorbairt i gcomhar le **Kathleen Byrne, Múinteoir Bunscoile, Co. Chill Mhantáin**